Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6992/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0077(COD)**

**JAI 306**
**FRONT 100**
**ASIM 19**
**MIGR 75**
**CADREFIN 26**
**CODEC 253**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 112 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 112 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 112 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.3.2022
COM(2022) 112 final

2022/0077 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime**
**agus**
**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**
**agus**
**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Mar gheall ar ionradh Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, tháinig mórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin isteach i roinnt Ballstát den Aontas. Dá bharr sin, tá brú as an nua ar acmhainní airgeadais na mBallstát déileáil le riachtanais phráinneacha imirce agus bainistithe teorann. An méadú atá tagtha ar an mbrú imirce, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le glacadh agus próiseáil tearmainn, cé go bhfuil sé le brath go géar cheana féin sna Ballstáit sin a bhfuil teorainn talún acu leis an Úcráin, tá na riachtanais ag leathadh níos faide ar fud chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh agus beidh siad fós ann tar éis 2022.

Is é cuspóir foriomlán an togra tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an chogaidh san Úcráin trí rochtain a éascú ar acmhainní airgeadais nár caitheadh le linn thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020 faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht[1] ('AMIF') agus faoin gCiste Slándála Inmheánaí, a mhéid a bhaineann sé leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus víosaí,[2] agus faoin gCiste Slándála Inmheánaí, a mhéid a bhaineann sé leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime[3] (dá ngairtear na 'Cistí Gnóthaí Baile 2014-2020' as seo feasta). Tá sé mar aidhm leis an togra seo raon feidhme na gcistí sin a uasmhéadú, trí shíneadh a chur leis an tréimhse incháilitheachta agus tríd an mbac a bhaint de rochtain ar acmhainní a cuireadh in áirithe ach nár caitheadh, agus ar an mbealach sin ní chaillfí an cistiú nár úsáideadh i ngeall ar shaoradh.

An 4 Márta 2022, glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE[4], agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach. Soiléirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo (in Aithris 22), maidir le hiarrachtaí na mBallstát chun na hoibleagáidí a eascraíonn as a chomhlíonadh agus chun cosaint shealadach a thairiscint, go dtacófar leis na hiarrachtaí sin, *inter alia*, tríd an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1147[5] ('AMIF 2021-2027'). Leis an síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020, d'fhéadfaí solúbthacht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú le bearta tacaíochta a dhéantar i

[1] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht géarchéime agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93).

[4] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

[5] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

gcomhréir le Treoir 2001/55/CE ón gComhairle maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar mhórphlódú isteach daoine easáitithe ón Úcráin.

Is gá an tsolúbthacht fhoriomlán sin chun cur chuige cuimsitheach i leith bainistiú imirce a áirithiú, ar cur chuige é atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, ar dhlúthpháirtíocht agus ar chomhroinnt freagrachta idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais, chun comhbheartas inbhuanaithe de chuid an Aontais maidir le tearmann, imirce, slándáil agus bainistiú teorainneacha a áirithiú, agus chun muinín a neartú i gcumas an Aontais iarrachtaí Eorpacha agus náisiúnta a thabhairt le chéile chun oibriú ar bhealach éifeachtach.

**Síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020**

Is é is cuspóir don togra seo **síneadh bliana a chur le tréimhse cur chun feidhme na gCistí Gnóthaí Baile** don tréimhse 2014-2020. Bainfear an síneadh sin amach trí leasú a dhéanamh ar **Rialachán (AE) 514/2014** an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime[6], lena leagtar amach forálacha maidir le cur i bhfeidhm Chistí Ghnóthaí Baile 2014-2020. Leis an síneadh sin cuirfear ar a gcumas do na Ballstáit na cistí atá fós ann a úsáid go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú méadaithe atá ar a gcórais bainistithe teorann agus imirce mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin. Mar gheall ar mhórphlódú daoine isteach i mBallstáit den Aontas, tá riachtanais slándála bhreise ann, agus d'fhéadfadh na cistí atá fágtha dul chun sochair na riachtanas sin ar an mbealach céanna.

**An bac a bhaint de rochtain ar acmhainní nár caitheadh faoi AMIF 2014-2020**

Ina theannta sin, féachann an togra seo leis an m**bac a bhaint de rochtain ar na méideanna nár caitheadh a bhí curtha in áirithe cheana chun críoch sonracha áirithe** faoi AMIF, chun gur fearr is féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an mbrú méadaithe ar a gcórais tearmainn agus imirce is toradh ar an ionradh ar an Úcráin. Déanfar foráil maidir leis an rochtain sin trí leasú a dhéanamh ar **Rialachán (AE) 516/2014** an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear AMIF agus lena leagtar síos forálacha maidir lena úsáid.

**Úsáid Ioncaim Sannta Sheachtraigh faoi AMIF 2021-2027 a chumasú**

Chun raon feidhme na bhfoinsí cistiúcháin atá ar fáil a fheabhsú chun cabhrú le déileáil le himeachtaí amach anseo nach bhféadfaí a thuar, beartaítear leis an togra an deis a thabhairt do na Ballstáit agus do dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile, faoi thréimhse chlársceidealaithe 2021-2027, ranníocaíochtaí breise a dhéanamh le bainistiú tearmainn agus imirce i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh. Is éard a bheidh san ioncam sannta seachtrach sin ranníocaíocht thiomnaithe ó na Ballstáit agus ó dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile chun ítimí sonracha caiteachais a mhaoiniú faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh 2021-2027. Déanfar foráil maidir leis an bhfoinse chistiúcháin

6 IO L 150, 20.5.2014, lch. 112. D'fhéadfaí cuma mhíthreorach a bheith ar a theideal maidir lena chur i bhfeidhm, ach tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis an ionstraim le haghaidh teorainneacha seachtracha agus víosaí, de bhun Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 515/2014 i gcomhar le hAirteagal 2, pointe (a) de Rialachán (AE) 514/2014.

fhéideartha sin trí leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/1147[7] lena mbunaítear AMIF agus lena leagtar síos forálacha maidir lena úsáid. Leis sin cuirfear beart breise ullmhachta ar fáil chun gníomhaíochtaí tearmainn agus imirce a chistiú sna Ballstáit le linn géarchéimeanna, amhail iad a eascraíonn as an ionradh ar an Úcráin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach leis an gcreat dlíthiúil foriomlán a bunaíodh le haghaidh Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020 agus tá sé teoranta do leasú spriocdhírithe ar fhorálacha sonracha i Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 agus i Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca práinneacha eisceachtúla is toradh ar an ionradh ar an Úcráin. Thairis sin, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht ioncam a shannadh d'ítimí sonracha caiteachais le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an 'Rialachán Airgeadais'), rialachán is infheidhme maidir le gach cistiú de chuid an Aontais sa réimse beartais ábhartha[8].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra teoranta do leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 514/2014 agus ar Rialachán (AE) 516/2014 chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí práinneacha agus eisceachtúla is toradh ar an ionradh ar an Úcráin, agus tá sé comhsheasmhach le beartais eile an Aontais. Aithníodh arís agus arís eile gur príomhthosaíocht de chuid an Aontais é dul i ngleic leis an bhforéigean san Úcráin agus le gluaiseachtaí na ndídeanaithe atá ann dá bharr. Tá an cur chuige atá beartaithe comhsheasmhach freisin leis an timthriall cur chun feidhme ('riail N+ 3') a leagtar amach in Airteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013[9] lena leagtar síos an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Ina theannta sin, tá úsáid ioncaim shannta sheachtraigh comhsheasmhach leis an gcur chuige a úsáidtear in ionstraimí cistiúcháin eile inar tosca tábhachtacha iad athléimneacht agus ullmhacht, amhail Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19[10]

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

[8] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[9] Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

[10] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433, 22.12.2020, lch. 23).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is féidir an bunús dlí don ghníomhaíocht Aontais atá beartaithe a aimsiú i liosta na mbeart atá in Airteagal 78(2), in Airteagail 79(2) agus (4), in Airteagal 82(1), in Airteagal 84 agus in Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (CFAE). Tá Rialachán (AE) 516/2014 bunaithe ar Airteagal 78(2) agus ar Airteagail 79(2) agus (4), ach tá Rialachán (AE) 514/2014 bunaithe ar na forálacha thuasluaite uile.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don togra tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha is toradh ar an ionradh ar an Úcráin agus, go háirithe, a riachtanais mhéadaithe maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as Cistí an Aontais atá ar fáil agus atá beartaithe chun críoch gaolmhar. Ní féidir reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a leasú ach ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Áirítear sa togra athruithe teoranta spriocdhírithe nach dtéann thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach, is é sin a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil mar fhreagairt ar an ionradh ar an Úcráin. De thoradh an ionraidh, tá méadú tagtha ar riachtanais i réimsí amhail an imirce agus bainistiú teorainneacha, réimsí a bhí cumhdaithe go díreach le Cistí Gnóthaí Baile 2014-2020. Dá bhrí sin, tá prionsabal na comhréireachta á chomhlíonadh leis an togra agus tagann sé faoin raon feidhme le haghaidh gníomhaíocht i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, mar a shainmhínítear i dTeideal V de CFAE. Tá na cuspóirí agus leibhéil an chistiúcháin chomhfhreagraigh i gcomhréir lena bhfuiltear ag iarraidh a ghnóthú leis an ionstraim.

- **An rogha ionstraime**

Leagtar amach i Rialachán (AE) 514/2014 tréimhse incháilitheachta agus cur chun feidhme Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020, agus leagtar amach i Rialachán (AE) 516/2014 na rialacha sonracha maidir le húsáid acmhainní faoi AMIF don tréimhse sin. Chun síneadh a chur le tréimhse incháilitheachta Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020 agus chun an bac a bhaint de rochtain ar acmhainní nár caitheadh faoi AMIF, ní mór Rialachán (AE) 514/2014 agus Rialachán (AE) 516/2014 araon a leasú leis an Rialachán seo. Le Rialachán (AE) 2021/1147 bunaítear AMIF don tréimhse 2021-2027 agus leagtar síos forálacha maidir lena úsáid, agus chun forálacha a thabhairt isteach maidir le hioncam sannta seachtrach atá le húsáid faoi AMIF 2021-2027, ní mór Rialachán (AE) 2021/1147 a leasú leis an togra seo freisin.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an tionchar buiséadach curtha san áireamh cheana féin i mbuiséad Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020. Is é is cuspóir don togra seo an leas is fearr is féidir a bhaint as úsáid Chistí Gnóthaí Baile 2014-2020 i gcomhthéacs mórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin isteach i mBallstáit den Aontas.

Ní féidir a thuar roimh ré cén tionchar buiséadach a bheidh ag ioncam sannta seachtrach laistigh de bhuiséad AMIF 2021-2027. Foráiltear in Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais go mbeidh línte san áireamh sa bhuiséad chun freastal ar ioncam sannta seachtrach agus ar ioncam sannta inmheánach agus, nuair is féidir, léireofar an méid ann sa bhuiséad. Ní fhéadfar ioncam sannta a áireamh sa dréachtbhuiséad ach amháin i gcás na méideanna atá cinnte tráth a bhunaítear an dréachtbhuiséid.

2022/0077 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime**
**agus**
**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**
**agus**
**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 79(2) agus (4), Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhí de thoradh ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 mórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin isteach i roinnt Ballstát. Cuireann sé sin brú as an nua ar acmhainní airgeadais na mBallstát chun déileáil leis an imirce phráinneach, leis an mbainistiú teorainneacha agus le riachtanais slándála. Ag cur san áireamh cineál agus méid na géarchéime, beidh na riachtanais sin nach raibh coinne leo fós ann tar éis 2022.

(2) Ón 1 Eanáir 2014 tá maoiniú á fháil ag beartas Gnóthaí Baile an Aontais um imirce, bainistiú teorainneacha agus slándáil ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht[3] agus ón gCiste Slándála Inmheánaí a mhéid a bhaineann sé leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].
[3] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinntí Uimh. 573/2007/CE agus Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168).

víosaí[4], agus ón gCiste Slándála Inmheánaí a mhéid a bhaineann sé leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime (na 'Cistí Gnóthaí Baile 2014-2020').

(3) Is gá síneadh bliana a chur le tréimhse cur chun feidhme na gCistí Gnóthaí Baile 2014-2020, chun go mbeidh na Ballstáit in ann aon chistí nár caitheadh ó na cláir sin a úsáid ina n-iomláine, agus, más gá, athbhreithniú tapa a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár atá acu de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin gan choinne atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin.

(4) Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir le tuilleadh solúbthachta ó thaobh úsáid acmhainní atá curtha in áirithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear cosc faoi láthair ar chistí nár caitheadh ón tréimhse chlársceidealaithe 2014-2020 a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais phráinneacha atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin.

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cur chun feidhme na gCistí Gnóthaí Baile 2014-2020 maidir le, *inter alia*, maoiniúchán caiteachais agus an tréimhse cur chun feidhme, a chuireann srian le hincháilitheacht eisíocaíochtaí na mBallstát go dtí an 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí, agus a leagann síos go ndúnfar an tréimhse cur chun feidhme an 31 Nollaig 2023.

(6) Ón 1 Eanáir 2021, faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh 2021-2027, tháinig pacáiste athnuaite Cistí i réimse na himirce agus an bhainistithe teorainneacha i bhfeidhm i bhfoirm an Chiste nua um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht[6], na hIonstraime le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[7] agus an Chiste Slándála Inmheánaí[8] (na 'Cistí Gnóthaí Baile 2021-2027').

(7) Cé gur tháinig na Cistí Gnóthaí Baile 2021-2027 i bhfeidhm an 15 Iúil 2021, agus bhí feidhm acu ón 1 Eanáir 2021, níor formheasadh cláir na mBallstát go fóill [ó dháta glactha an Rialacháin reatha seo].

(8) Chun leanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme chuspóirí beartais na gCistí Gnóthaí Baile 2014-2020 agus 2021-2027, agus chun go mbeifear in ann aistriú rianúil a dhéanamh idir an tréimhse chlársceidealaithe le haghaidh 2014-2020 agus an ceann le haghaidh 2021-2027, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, is gá go mbeidh forluí áirithe ann idir cur chun feidhme na n-ionstraimí cistiúcháin faoi seach.

---

4 Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

5 IO L 150, 20.5.2014, lch. 112.

6 Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

7 Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

8 Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 94).

(9) Aithnítear an gá sin go sainráite le bunúis dlí na gCistí Gnóthaí Baile 2021-2027 agus le Rialachán (AE) 2021/1060[9], lena gceadaítear incháilitheacht aisghníomhach caiteachais ón 1 Eanáir 2021.

(10) D'ainneoin na bhforálacha sin chun cuidiú chun an bearna a laghdú idir na hionstraimí cistiúcháin, tá baol ann go mbeidh bearna shuntasach ag na Ballstáit ó thaobh cistiúcháin de mar gheall ar an mbearna idir dáta deiridh chur chun feidhme na gCistí Gnóthaí Baile 2014-2020 agus na dátaí a thuartar le haghaidh fhormheas na gclár faoi na Cistí Gnóthaí Baile 2021-2027. D'fhéadfadh fadhbanna leachtachta a bheith mar thoradh air sin mar gheall ar an mbrú breise atá ar a ngníomhaíochtaí imirce agus bainistithe teorainneacha tar éis mhórphlódú isteach na ndaoine easáitithe ón Úcráin.

(11) Is measa an baol sin mar gheall ar an gcaoi a leanann na Cistí Gnóthaí Baile 2014-2020 timthriall níos giorra chun gealltanais bhuiséadacha a chur chun feidhme (riail N+2), timthriall nach bhfuil ailínithe le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais sa bhainistiú comhroinnte, amhail Cistí Comhtháthaithe, a bhfuil tréimhse cur chun feidhme níos faide (N+3) i gceist leo . Beidh feidhm ag an riail N+3[10] sin maidir le Cistí Gnóthaí Baile 2021-2027 mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060 don tréimhse 2021-2027.

(12) Mar gheall, i bpáirt, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag na Ballstáit orthu, amhail moilleanna ar chur chun feidhme de bharr phaindéim an choróinvíris in 2020-2021, léiríonn na sonraí atá ar fáil maidir leis an staid mar atá ó thaobh cur chun feidhme sna Ballstáit go bhfuil baol mór ann go saorfar cistí a d'fhéadfaí a úsáid ar shlí eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua atá tagtha chun cinn. Idir an dá linn, dá gcuirfí síneadh bliana leis an sprioc-am chun cistí a chur chun feidhme, bheadh na Ballstáit in ann úsáid iomlán a bhaint as na gealltanais bhuiséadacha laistigh de chláir 2014-2020 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu anois de bharr na n-imeachtaí san Úcráin.

(13) Le Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 aithnítear, i bhfianaise imthosca nua nó imthosca gan choinne, ar thionscnamh ón gCoimisiún nó ón mBallstát lena mbaineann, go bhféadfar clár náisiúnta formheasta a athscrúdú agus, más gá, a athchóiriú don tréimhse atá fágtha den tréimhse chlársceidealaithe. Dá bhun sin, ba cheart go mbeadh sé iomchuí a mheas gurb ionann an cogadh san Úcráin agus 'imthosca nua nó imthosca gan choinne' chun údar a thabhairt le hathscrúdú agus atreorú oibríochtúil a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, i bhfianaise na riachtanas nua sin agus laistigh de chuspóirí sonracha an chláir a glacadh roimhe.

(14) Chun rochtain leanúnach a thabhairt do na Ballstáit ar mhéideanna nár caitheadh faoi na Cistí Gnóthaí Baile 2014-2020, is gá síneadh bliana a chur le tréimhse

---

[9] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Thacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorann agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[10] Déantar gealltanais bhuiséadacha a bhaineann leis na cláir oibríochtúla de réir tráinsí bliantúla. Foráiltear le riail N+3 nach mór gealltanas a rinneadh i mbliain N a chumhdach leis an méid céanna éileamh réamh-mhaoiniúcháin agus éileamh íocaíochta eatramhaí roimh an 31 Nollaig N+3 (mar shampla, ní mór gealltanas a rinneadh in 2014 a chumhdach le héilimh réamh-mhaoiniúcháin agus éilimh íocaíochta roimh an 31 Nollaig 2017). Saortar an méid nach gcumhdaítear, rud a chiallaíonn go gcailleann an Ballstát an cistiú. Is é is cuspóir don riail smacht airgeadais a áirithiú i mbainistiú cistí ón Aontas trína cheangal ar na Ballstáit na tionscadail a chur chun feidhme ar bhealach dinimiciúil agus chun fadhbanna a sheachaint ag deireadh an timthrialla.

incháilitheachta na gcistí sin, agus is gá feidhm a bheith ag na hathruithe riachtanacha ar na dátaí maidir le chur chun feidhme, tuairisciú, meastóireacht agus dúnadh na gclár, agus maidir leis na dátaí a bhaineann le méideanna saortha.

(15) Chun a áirithiú go dtugtar an síneadh ar an tréimhse incháilitheachta isteach ar an mbealach is soiléire is féidir, is gá dáta sonrach deiridh amháin a leagan síos faoinar gá an caiteachas a bheith tabhaithe agus eisíoctha.

(16) Le Rialachán (AE) 2018/2000 an 12 Nollaig 2018[11] leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 chun rochtain a scaoileadh ar acmhainní atá curtha in áirithe lena n-aistriú chuig iarratasóirí agus tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta agus chun go mbeifí in ann na hacmhainní sin a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe eile faoin gclár náisiúnta. Is gá prionsabal sin na solúbthachta a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha i bhfianaise imthosca nua nó imthosca gan choinne, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais nua tearmainn agus bainistithe imirce atá ag na Ballstáit mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin.

(17) Chun rochtain a scaoileadh ar gach ciste atá ar fáil agus chun nach gcaillfí iad trí shaoradh acmhainní nár úsáideadh, acmhainní a cuireadh áirithe roimhe le haghaidh cuspóirí sonracha faoi Rialachán (AE) Uimh. 516/2014, lena n-áirítear acmhainní le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha agus le haghaidh Chlár Athlonnaithe an Aontais, is gá solúbthacht a thairiscint do na Ballstáit chun na hacmhainní sin a úsáid go heisceachtúil i bhfianaise imthosca nua nó imthosca gan choinne, amhail na himthosca atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin.

(18) Chun feabhas a chur ar raon feidhme na bhfoinsí cistiúcháin atá ar fáil chun dul i ngleic le himeachtaí gan choinne amach anseo, is iomchuí an deis a thabhairt do na Ballstáit agus do dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile, faoin tréimhse chlársceidealaithe 2021-2027, ranníocaíochtaí airgeadais breise a dhéanamh leis an mbainistiú tearmainn agus imirce, i bhfoirm ioncam sannta seachtrach. Is éard a bheidh i gceist leis an ioncam sannta seachtrach ranníocaíocht thiomnaithe ó na Ballstáit agus ó dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile chun ítimí sonracha caiteachais a mhaoiniú faoi na Cistí um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh 2021-2027, agus beidh beart ullmhachta breise ann chun gníomhaíochtaí tearmainn agus imirce a mhaoiniú sna Ballstáit le linn géarchéimeanna amhail na cinn atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an ionradh ar an Úcráin.

(19) Ba cheart an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoi AMIF a bheith comhlántach go háirithe le gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi Chistí eile de chuid an Aontais, go háirithe faoin mbeartas comhtháthaithe, chun an tionchar is mó is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 a leasú dá réir sin,

---

11 Rialachán (AE) 2018/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathghealladh a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinntí (AE) 2015/1523 agus (AE) 2015/1601 ón gComhairle nó maidir le leithdháileadh na méideanna sin ar ghníomhaíochtaí eile faoi na cláir náisiúnta (IO L 328, 21.12.2018 lch. 78).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 514/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'*3. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi na Rialacháin Shonracha más rud é go bhfuil sé tabhaithe ag tairbhí agus go bhfuil sé eisíoctha go hiomlán ag an Údarás Freagrach ainmnithe idir an 1 Eanáir 2014 agus an 30 Meitheamh **2024**.*'

(2) In Airteagal 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh Ballstáit na doiciméid seo a leanas isteach faoin 31 Nollaig **2024**:

(a) an fhaisnéis is gá le haghaidh na gcuntas bliantúil deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 44(1);

(b) iarraidh ar íocaíocht an iarmhéid deiridh; agus

(c) an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme don chlár náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 54(1).

'2. Déanfar na híocaíochtaí a dhéanfaidh an Údarás Freagrach ón 16 Deireadh Fómhair **2023** go dtí an 30 Meitheamh **2024** a chur san áireamh sna cuntais bhliantúla dheiridh.'

(3) In Airteagal 50 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

*'4. Déanfar an oibleagáid a bhaineann leis an **dá bhliain airgeadais** dheireanacha den tréimhse a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i gcrích an chláir.'*

(4) In Airteagal 54 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

*'1. Déanfaidh an tÚdarás Freagrach tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme gach cláir náisiúnta sa bhliain airgeadais roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2016 agus faoin 31 Márta i ngach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2023, agus an bhliain sin san áireamh, agus féadfaidh sé an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar an leibhéal iomchuí. Cumhdófar na blianta airgeadais 2014 agus 2015 sa tuarascáil a chuirfear isteach in 2016. Déanfaidh an Ballstát tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta a chur isteach faoin 31 Nollaig **2024**.'*

(5) Leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

*'(b) tuarascáil mheasúnaithe ex-post maidir le héifeachtaí na ngníomhaíochtaí faoina gclár náisiúnta faoin 31 Nollaig **2024**.'*

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

*(b) tuarascáil mheasúnaithe ex-post maidir le héifeachtaí an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach, tar éis chur i gcrích na gclár náisiúnta, faoin 30 Meitheamh **2025**.'*

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

*'3. Déanfar na suimeanna breise dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a leithdháileadh ar na Ballstáit sna cinntí maoiniúcháin aonair lena bhfaomhtar nó lena leasaítear a gclár náisiúnta i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma de réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014. Ní úsáidfear na suimeanna sin ach amháin chun gníomhaíochtaí sonracha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme. I gcás ina bhfuil gá le húsáid eile faoin gclár náisiúnta, áfach,* ***i bhfianaise imthosca nua nó imthosca gan choinne, rachaidh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle leis an gCoimisiún roimh aon úsáid den chineál sin de na suimeanna sin****.'*

(2) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

*'9. Déanfar na suimeanna breise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leithdháileadh ar na Ballstáit gach dhá bhliain, den chéad uair sna cinntí maoiniúcháin aonair lena bhfaomhtar a gclár náisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014, agus ina dhiaidh sin i gcinneadh maoiniúcháin a bheidh i gceangal leis na cinntí lena bhfaomhtar a gclár náisiúnta. Ní aistreofar na suimeanna sin chuig gníomhaíochtaí eile faoin gclár náisiúnta. I gcás ina bhfuil* ***gá le haistriú, áfach, i bhfianaise imthosca nua nó imthosca gan choinne, rachaidh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle leis an gCoimisiún sula n-aistreofar na suimeanna sin****.'*

*Airteagal 3*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 mar a leanas:

(1) Cuirtear mír (5) nua le hAirteagal 10 mar a leanas:

'5. Féadfar tacaíocht faoin Rialachán seo a mhaoiniú freisin le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ó dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[12].'

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |